



An
Coimisiún
Pleanála

Beartas Meán Sóisialta



Clár Ábhair

Clár Ábhair	2
1. Réamhrá	3
2. Cainéil Meán Sóisialta	3
3. Cé a leanaimid	4
4. Athphostálacha	4
5. Freagraí agus Teachtaireachtaí Díreacha	4
6. Sonraí Priobháideacha agus Pearsanta	4
7. Tuairisciú / Bac a Chur	5
8. Infhaighteacht	5

1. Réamhrá

Sa doiciméad seo, gheobhaidh tú faisnéis faoi láithreach An Coimisiún Pleanála ar chainéil na meán sóisialta, faoi na cuntais a leanaimid agus faoin gcaoi a ndéanaimid idirghníomhú lenár lucht féachana ar fud ár gcainéal meán sóisialta.

2. Cainéil Meán Sóisialta

Is í an Rannóg Cumarsáide (communications@pleanala.ie) a bhainistíonn láithreach An Coimisiún Pleanála ar na meáin shóisialta.

Tá na meáin shóisialta ina dtimpeallacht dhinimiciúil atá ag athrú go tapa, agus déanfaimid monatóireacht ghéar ar oiriúnacht agus ar éifeachtacht na gcainéal atá ar fáil agus déanfaimid athruithe de réir mar is cuí.

Amhail i mí Iúil 2026, tá cainéal oifigiúil meán sóisialta amháin ag an gCoimisiún¹:

[LinkedIn](#)

Féadfaidh an lucht féachana a leanann sinn a bheith ag súil le hábhar agus postálacha ina gcumhdaítear cuid de na nithe seo a leanas nó iad go léir:

- Míreanna nuachta agus preaseisiúintí ón gCoimisiún
- Foláirimh faoi ábhar nua atá ar fáil ar ár suíomh gréasáin
- Naisc le foilseacháin oifigiúla agus treoir a bhaineann le hobair an Choimisiúin
- Faisnéis phraiticiúil faoi ról agus seirbhísí an Choimisiúin
- Feachtais earcaíochta agus príomhcheapacháin
- Faisnéis faoi imeachtaí agus faoi rannpháirtíocht páirtithe leasmhara
- Athphostálacha d'ábhar a bhaineann le hobair an Choimisiúin

Tabhair faoi deara nach gá go léireodh postálacha a dhéanann daoine atá fostaithe ag An Coimisiún Pleanála, nó a bhfuil baint acu leis, ar a gcuntais phearsanta féin ar na meáin shóisialta tuairimí an Choimisiúin.

¹ I mí Eanáir 2026, chuir an Coimisiún postáil ar X (Twitter roimhe seo) ar fionraí, i gcomhréir le cinntí comhlachtaí stáit agus comhlachtaí poiblí eile gan an t-ardán a úsáid a thuilleadh, agus dhún sé a chuntas ar X i mí Iúil 2026.

3. Cé a leanaimid

Leanfaidh an Coimisiún Ranna eile, gníomhaireachtaí rialtais, eagraíochtaí earnála, eagraíochtaí meán agus ceannairí tuairime a bhaineann lenár réimsí beartais, chomh maith le cuntais a leanann ár lucht féachana nó cuntais a bhfuil spéis ag ár leantóirí iontu.

Forchoimeádann an Coimisiún an ceart cinneadh a dhéanamh maidir le cuntas a leanúint nó gan é a leanúint.

4. Athphostálacha

Féadfaidh an Coimisiún, nuair is cuí, ábhar ó chuntais eile a athphostáil, amhail cuntais airí rialtais, ranna rialtais, eagraíochtaí earnála poiblí nó páirtithe leasmhara sa chóras pleanála

5. Freagraí agus Teachtaireachtaí Díreacha

Níl sé d'oibleagáid orainn freagra a thabhairt ar gach teachtaireacht ar ár n-ardáin meán sóisialta. Mar sin féin, i gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé a bheith cuí faisnéis a chur ar fáil d'úsáideoirí a dhéanann teagmháil dhíreach linn.

Mura ndéantar idirghníomhú le postáil tríú páirtí, níor cheart a mheas gur ionann sin agus diúltú trácht a dhéanamh ar shaincheist ar leith.

Is é an bealach is iontaofa chun teagmháil a dhéanamh le hAn Coimisiún Pleanála ná ríomhphost a sheoladh chuig communications@pleanala.ie

6. Sonraí Príobháideacha agus Pearsanta

Ná cuir aon fhaisnéis phearsanta ná phríobháideach san áireamh i do phostáil ná i dteachtaireacht dhíreach chugainn.

7. Tuairisciú / Bac a Chur

Scríosfar postálacha, tráchtanna agus teachtaireachtaí maslacha nó turscáir agus d'fhéadfadh sé go gcuirfí bac ar na húsáideoirí lena mbaineann agus go dtuairisceofaí iad go díreach trí na cainéil meán sóisialta.

Tuairisceoidimid na nithe seo a leanas don ardán meán sóisialta ábhartha agus cuirfimid bac ar an gcuntas ábhartha:

- Cuntais a chuireann iad féin i láthair, ar bhealach ar bith, mar chuntais de chuid An Coimisiún Pleanála
- Postálacha maslacha nó turscáir.

8. Infhaighteacht

Déantar monatóireacht ar chuntais meán sóisialta An Coimisiún Pleanála le linn gnáthuaireanta oibre. D'fhéadfadh sé nach mbeadh ár gcuntais meán sóisialta ar fáil ó am go chéile.

Dáta an Athbhreithnithe	Athruithe a Rinneadh	Athruithe arna ndéanamh ag
Márta 2026	Dréacht	Oifigeach Riaracháin Sinsearach, Cumarsáid
Iúil 2026	Nuashonrú ar Chainéil na Meán Sóisialta	Oifigeach Riaracháin Sinsearach, Cumarsáid
Iúil 2026	Ceadaithe	POF